Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5841

10.11.2025

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 24 Meán Fómhair 2025 – Shammout v an Chomhairle**

**(Cás T-413/24)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa tSiria – Reo cistí – Srianta ar ligean isteach ar chríoch na mBallstát – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha nó atá faoi réir srianta ar ligean isteach ar chríoch na mBallstát – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí – Coincheap 'mórphearsa gnó atá ag feidhmiú sa tSiria' – Toimhde go bhfuil baint ann le réimeas na Siria – Earráid mheasúnaithe)***

(C/2025/5841)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Issam Shammout (an Damaisc, an tSiria) (ionadaí: L. Cloquet, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: Di Gaetano, E. Kübler, P. Mahnič agus A. Antoniadis, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní Cinneadh (CBES) 2024/1510 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2024/1510) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1517 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2024/1517), a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir.

**An chuid oibríochtúil**

1) Díbhtear an chaingean.

2) Ordaítear do Issam Shammout na costais a íoc.

([1]) IO C, C/2024/5833, 7.10.2024.